

ROS AN MHÍL



**Údarás na
Gaeltachta**

ZÓN STRAITÉISEACH FIONTRAÍOCHTA

FEABHRA 2023

**ACHOIMRE
FEIDHMIÚCHÁIN
AN MHÁISTIRPHLEAN**



Plean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann

Beidh cósta thiar na hÉireann tábhachtach do fhorbairt tograí gaoithe eischósta agus é lárnach má tá uaimhian an Rialtais don neamhspleáchas fuinnimh in Éirinn le baint amach, ceann de na spriocanna straitéiseacha is mó atá ag an Rialtas reatha. Leis sin a bhaint amach, déanfar ar a laghad 5GW d'fheirmeachagaoithe ashuiteáil amach ón gcósta idir an gearrthearma agus an meántearma. D'fhéadfaí suas le 70 GW a ghiniúint san fhadtearma, rud a dhéanadh easpórtálaí mór fuinnimh d'Éirinn.

Táthar ag foghlaim ón Muir Thuaidh agus ó limistéir eile ina bhfuiltear ag déanamh forbairt ar an ngaoth eischósta, gur constaic shuntasach a bhíonn ann mura mbíonn teacht ar chalafoirt feiliúnach. Beidh gach píosa bonneagair calafoirt is féidir a chur ar fáil, ag teastáil ar chósta an iarthair. D'fhéadfadh Ros an Mhíl, atá in áit straitéiseach suite i lár chósta an iarthair, a bheith ar cheann de na calafoirt tacaíochta a theastódh chun tacú leis an tionscal seo. In 2022, choimisiúnaigh Údarás na Gaeltachta foireann chomhairleach neamhspleách faoi cheannas Atkins chun Máistirphlean a fhorbairt do 'Zón Fiontraíochta Straitéiseach' Ros an Mhíl a sholáthródh léarscáil d'fhorbairt Ros an Mhíl suas go dtí 2037.

Léiríonn an Máistirphlean seo, mar a achoimrítear anseo, go bhféadfadh Ros an Mhíl, dá ngníomhófaí air, bealach mear a sholáthar chun príomhchuid de na háiseanna calafoirt seo a sheachadadh chun dlús a chur le forbairtí ar an gcósta thiar.




Figiúr 1 – Tionscadail san earraíl fuinnimh gaoithe eischósta atá beartaithe

Ag cinntiú todhchaí Ros an Mhíl

I mí Feabhra 2022, gheall an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, €25m le cé domhainmhara a fhorbairt i Ros an Mhíl. Is léir go n-aithnítear, leis an infheistíocht seo, go bhféadfadh na háiseanna calafoirt éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt an fhuinnimh in-athnuaite sa gceantar. Tá sé ráite ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Charlie McConalogue, T.D. go mbeadh forbairt Ros an Mhíl “mar thúsphointe straitéiseach iontach maith chun freastal ar an tionscal (in-athnuaite) sin sna blianta atá romhainn”¹. Ag tús 2023, cuireadh tús le forbairt áis dhomhain mhara nua, mar aon le cé 200m ar fhad.

Má chuirtear an Máistirphlean seo do fhás agus forbairt inbhuanaithe chalafort Ros an Mhíl agus forbairt Saincheantar Eacnamaíoch Fiontraíochta Ros an Mhíl i bhfeidhm, beifear in ann an áis iascaireachta a fheabhsú, agus beifear in ann freisin a bheith ag réiteach le go bhféadfaí seirbhísí a sholáthar don tionscal gaoithe eischósta, idir chéimniú, chóimeáil agus freastal ar an tionscal.



Figiúr 1: Ros an Mhíl 2037- Leagan amach beartaithe

¹ Nuacht RTÉ, Dé Máirt 1ú Feabhra 2022, Maggie Doyle

Deiseanna

Ó tharla go bhfuil an calafort **cóngarach do na 5GW** (Figióir 1: Tionscadail san earnáil fuinnimh gaoithe eischósta atá beartaithe) de thionscadail ghaoithe eischósta an iarthair atá á bhforbairt faoi láthair, agus go bhféadfaí go mbeadh 70GW de thionscadail ann go réigiúnach, **bheadh éileamh fadtéarmach ar an mbonneagar agus ar an slabhra soláthair a mholtar sa Máistirphlean seo.**

Tá tacaíocht ghníomhach á léiriú ag ionadaithe ón bpobal áitiúil iascaireachta agus ag grúpa tacaíochta chalafoirt Ros an Mhíl d'fhorbairt straitéiseach an chalafoirt mar lárionad le haghaidh seirbhísí tacaíochta fuinnimh gaoithe. Leis an Máistirphlean, táthar ag samhlú calafort ina mbeidh tionscal na hiascaireachta agus an earnáil fuinnimh in-athnuaite ag obair i gcomhar le chéile amach anseo.

Tá sé an-tábhachtach díriú ar an réiteach do chéimeanna forbartha agus tógála thionscadail eischósta, céimeanna a thógfar go gairid, lena chinntiú go mbeidh na gníomhaíochtaí ardluacha sin lonnaithe sa gcalafoirt féin agus gur féidir iad a úsáid, le tuilleadh gníomhaíochtaí Oibríochtaí agus Cothabhála a mhealladh chun na háite, le linn do na feirmeacha gaoithe eischósta a bheith gníomhach.

I gcás na chéad feirme gaoithe amach ó chósta an iarthair, Fuinneamh Sceirde Teo, atá suite cois Charraigeacha Sceirde amach ó bhéal Chuan Chill Chiaráin agus 20 muirmhíle ó Ros an Mhíl, meastar go gcuirfear an tionscadal sin isteach ar ORESS 1 in 2023 agus go gcuirfear tús leis an 450MW a thógáil 2-3 bliana i ndiaidh a bhronnta. Mar chuid den phíblíne ghaoithe snámha a thiocfaidh leis sin, beifear ag súil go mbeidh feirm amháin 1GW eile ar a laghad ann, a mbeidh bonneagar cuimsitheach calafoirt ag teastáil ina leith faoi 2030, chomh maith le roinnt eile atá ar na bacáin faoi láthair.

Tá imní léirithe ag cuideachtaí fuinnimh in-athnuaite faoin easpa áiseanna feiliúnacha calafoirt atá ar fáil faoi láthair. Tá an dearcadh céanna ag comhlachtaí ionadaíocha, ar nós Wind Energy Ireland (WEI). Léiríonn an measúnú thíos oiriúnacht Ros an Mhíl mar mhol don earnáil ghaoithe eischósta, dá gcuirfí moltaí an Mháistirphlean seo i bhfeidhm.

Riachtanas	Riachtanas is lú	Riachtanas roghnaithe	Freagra	Oiriúnacht Ros an Mhíl
Leithead an Chuisle	150 m	200 m	Is féidir é a réiteach trí dhreideáil sa todhchaí	Tá
Tarraingt sa bhfarraige	9 mLAT	14 mLAT	Is féidir é a réiteach trí dhreideáil sa todhchaí	Tá
Doimhneacht na céibhe	9 mLAT	14 mLAT	Cead Pleanála faighte do -12m CD	Tá
Fad an Bheart feistithe	300 m	600 m	Cé 400m beartaithe do Chéim II	Tá
Fad na cé & an bheart feistithe	600 m	900 m	Níl sé beartaithe – Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann
Leithead an bheart feistithe	40 m	80 m	Leithead an bheart mar a bhí sonraithe i gCéim II	Tá
Acmhainn iompartha na céibhe	15 t/m ²	50 t/m ²	Cinneadh ar dhearadh ón Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara – an suíomh feiliúnach d'acmhainn iompartha ard	Tá


Láthair – Cur le chéile fostruchtúir	12 ha	18 ha	Láthair feiliúnach mar atá beartaithe i gCéim II	Tá
Láthair – Ionad Ceann Réime	6 ha	12 ha	Láthair feiliúnach mar atá beartaithe i gCéim II	Tá
Láthair - Déantúsaíocht	34 ha	50 ha	Ní déantúsaíocht beartaithe – Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann
Acmhainn iompartha an láthair	7.5 t/m ²	20 t/m ²	Cinneadh ar dhearadh ón Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara – an suíomh feiliúnach d’acmhainn iompartha	Tá
Stóráil d’ardáin snámha	Tá/Níl	Tá/Níl	Spás suntasach d’ardáin snámha i gCuan na Gaillimhe	Tá
Doimhneacht d’ardáin snámha	13 mLAT	23 mLAT		
Láthair d’ardáin snámha	Níl	Ní Bhaineann		

Tábla 1: Measúnú ar oiriúnacht Ros an Mhíl

Tá buntáistí straitéiseacha ag baint le Ros an Mhíl mar shuíomh calafoirt, ós rud é go bhfuil sé **gar do phíblíne feirmeacha gaoithe eischósta** agus go bhfuil fáil ann ar **roghanna sealadacha stórála le haghaidh ardáin snámha** i gCuan na Gaillimhe.

Má táthar chun na háiseanna uasghrádaithe riachtanacha a fhorbairt i Ros an Mhíl chun tacú leis na tionscadail tráchtála seo, caithfear é seo a chur san áireamh timpeall sé bliana roimh ré, don dearadh, pleanáil agus tógáil. Dá bhrí sin, is gá tús a chur leis an obair fhorbartha go gairid.

Má chuirtear le chéile an obair thógála agus oibriúcháin a bhaineann le gaoth eischósta i Ros an Mhíl, bheifí ag **tacú le suas le 900 post sa gceantar áitiúil** agus ag **giniúint timpeall €70m d’oll-luach breise gach bliain** don gheilleagar áitiúil.



Figiúr 2: Deiseanna fostaíochta ón earnáil ghaoithe eischósta – Cásanna

Tá calafort Ros an Mhíl in áit iontach le lucht saothair sciliúil agus ardoilte a chur ar fáil agus infheistíocht phríobháideach a mhealladh chuig Gaeltacht na Gaillimhe sa bhfadthearma, trí thacaíocht do thionscal na gaoithe eischósta. Ach ní bheifear in ann é sin a bhaint amach muna ndéantar infheistíocht spriocdhírthe réamhghníomhach go gairid. Mura rachfar i mbun gnímh, caillfear an deis shuntasach agus Buntáiste an Cheannródaí thar chalafoirt eile in Éirinn agus in áiteanna eile. Ós rud é gur gá bonneagar calafoirt a fhorbairt agus a bheith réidh sula ndéanfar an píblíne don ghaoth eischósta a thógáil, tá práinn ag baint leis an bhforbairt, ionas go mbeifear in ann freastal ar na hamlínte riachtanacha don dearadh, pleanáil agus tógáil.




Figiúr 3: Radharc an chuain ar chríochnú Chéim 2 ag 2037

An Fhorbairt Chéimnithe

Tá Údarás na Gaeltachta ag moladh go mbeadh cur chuige comhoibríoch i leith na forbartha, agus tailte de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, Údarás na Gaeltachta agus eile á n-úsáid le 'Máistirphlean Céimnithe' a chur le chéile. Tá breis agus 21 heicteár talún ar fáil don fhorbairt.

Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a dhéanann an Calafort a fheidhmiú. Tá sainchúram ar leith ar an Roinn tacú le tionscal na hiascaireachta, tionscal a bhí lárnach don eacnamaíocht áitiúil go dtí seo. Mar gheall ar an deis thionsclaíoch nua sa ngaoth eischósta, tá deis ann cur leis an sainchúram sin agus an Calafort a bhainistiú le go mbeadh forbairtí san áireamh atá dírithe ar an tionscal gaoithe. D'fhágfadh sé seo go mbeadh an pobal áitiúil, pobal na hiascaireachta san áireamh, in ann leas a bhaint as an deis shuntasach eacnamaíoch seo.



Figiúr 4: Buntáistí do na pobail Ghaeltachta áitiúla.

Tá Máistirphlean Zón Fiontraíochta Straitéiseach Ros an Mhíl ag tógáil san áireamh pobal seanbhunaithe na Gaeltachta agus an fás daonra atá measta i gceantair lonnaithe áitiúla Ros an Mhíl, An Cheathrú Rua agus Casla.

Táthar ag moladh teacht ar réiteach d'fhorbairt an chalafoirt faoina dtabharfaí tacaíocht d'oibríochtaí ar mhaithe leis an chabhlach breisithe iascaigh agus freisin d'oibríochtaí le tacú le tionscal na gaoithe amach ón gcósta. Molann an Máistirphlean seo uasghrádú a dhéanamh ar an bhforbairt reatha laistigh de na teorainneacha cead pleanála atá ann cheana féin do Chéim 1.

Molann sé freisin forbairt Chéim 2, a fhéachann síneadh a chur le cé domhainmhara, áiseanna céibhe agus seirbhísí coimhdeacha a sheachadadh chun tacú leis an ngaoth amach ón gcósta agus leis na hearnálacha iascaireachta.

Dá ndéanfaí **idirghabháil a bheadh éifeachtúil ó thaobh costas** de i gCéim 1, bhainfí amach an acmhainneacht bhreise a theastaíonn chun tacú le hobair forbartha agus chóimeála don phíblíne sa gcéad tionscadal gaoithe eischósta agus chuirfí tús leis an bpróiseas rannpháirtíochta don deis thionsclaíoch nua seo do Ros an Mhíl. D'fhágfadh an **méadú ar acmhainn iompartha ualaigh na cé** go mbeifí in ann lastas tionscadail a iompar d'fhorbairt Charraigeacha Sceirde, gníomh a mbeadh tábhacht ar leith leis sa meántéarma.

Caithfear tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcalafort le go mbeidh sé ag tacú go suntasach le cruthú fostaíochta don réigiún, rud atá molta mar fhorbairt i gCéim 2.

Uasghrádú i gCéim 1 (2023 – 2025):

- Doimhneacht an bhearta a mhéadú go -12mCD (de réir mar atá ceadaithe sa bpleanáil; teastaíonn dreidireacht eile den charraig agus balla na cé a athdhearadh).
- Acmhainn iompartha ualaigh na cé a mhéadú go 35T/m² (tá sé seo ag teacht le cúrsaí pleanála; tionchar íseal ar chaiteachas caipitiúil agus fíorthábhachtach le tacaíocht luath a fháil in ORESS 1 don tionscadal).


Tá an costas caipitil imeallach measta ar an obair uasghrádaithe i gCéim 1 €5m níos mó ná an buiséad €25m atá ar fáil don chaiteachas caipitiúil.

Céim 2 den Fhorbairt (2025 – 2030):

- Áiseanna uasghrádaithe a dhearadh, a fhorbairt agus a thógáil, na cinn seo ina measc:
 - Cé domhainmhara bhreithe mar thacaíocht thiomnaithe do thionscadal na gaoithe eischósta
 - Beartanna tiomnaithe iascaireachta doimhne agus spás ar na céanna
 - Naprún breithe cé chun comhpháirteanna na gaoithe eischósta a aistriú
 - Limistéar don stóráil fhliuch i gCuan na Gaillimhe le haghaidh ardáin snámha
- I gcomhthráth le hoibreacha Chéim 2, déanfaidh Údarás na Gaeltachta pleanáil, athchóiriú agus athcheannach, de réir mar is gá, ar a n-eastáit tionsclaíocha ag An Ceathrú Rua, Casla agus An Tulach agus réadmhaoin eile chun iad a ailíniú le riachtanais athraitheacha thionscal fuinneamh inathuithe agus le riachtanais seirbhíse lasmuigh / coimhdeacha eile.

Tá costas caipitil Chéim 2 ag brath ar an dearadh mionsonraithe. Meastar go mbeidh an caiteachas caipitiúil iomlán thart ar aon dul leis an oll-bhreislúach a thabharfar do Ros an Mhíl, de thoradh na ngníomhaíochtaí a mbeifí ag tacú leo.

Treochlár Achomair do Thionscadal Gaoithe Eischósta - Amlínte go dtí 2037



Figiúr 5: Treochlár Achomair do Thionscadail Gaoithe Eischósta ar Chósta Thiar na hÉireann.

Comhcheanglaíonn an treochlár achomair do thionscadal gaoithe eischósta ar chósta thiar na hÉireann amscála réamh-mheasta do cheadú rialála do na forbairtí seo le tosú, leis na hamanna tionscanta riachtanacha chun an bonneagar tacaíochta riachtanach a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go bhforbrófar bonneagar calafoirt roimh amlínte an tionscadail chun go bhféadfar tairbhí gaoithe amach ón gcósta a bhaint amach go háitiúil do na tionscadail. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na ceantanna faoin Scéim Tacaíochta d'Fhuinneamh In-athnuaite Eischósta, a luaithe a chuirfear tús leo, chun deis a thabhairt do thionscadail iarratas a dhéanamh go rialta ar chead chun tús a chur le forbairt agus tacaíonn an phíblíne shuntasach de thionscadail dhearbhaite atá gar do Ros an Mhíl le tuairimí maidir le riachtanais leanúnacha tacaíochta forbartha tionscadail sna blianta amach romhainn.

Conclúid agus na Gníomhartha Molta – Na chéad chéimeanna eile i gcur i gcrích Plean Gníomhaíochta Ros an Mhíl agus Plean Gníomhaíochta Aeráide na hÉireann.

Dá ngníomhófaí air, d'fhéadfadh an Máistirphlean seo dlús a chur le háiseanna a chuir ar fáil chun freastal ar thionscal gaoithe eischósta ar snámh amach ó chósta thiar na hÉireann. Tá an plean seo ullmhaithe ag Atkins agus foireann le ceannairí domhanda i bhforbairt tograí amach ón gcósta agus i bhforbairt calafoirt agus tá deis shoiléir aitheanta acu a mheasann gur féidir le Ros an Mhíl ról suntasach a bheith aige i bhforbairt Gaoithe Eischósta, ní hamháin ar an mbonn go dtacaíonn sé leis an ngeilleagar áitiúil agus leis an gceantar Gaeltachta (900 post laistigh den cheantar áitiúil agus €70m GVA gach bliain) ach chun spriocanna maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach chomh maith. Mar sin féin gan infheistíocht luath i mbonneagar, caillfidh calafoirt na hÉireann amach ar an deis seo le calafoirt eile na Ríochta Aontaithe agus na hEorpa ag fáil na mbuntáistí.

- Moltar go ndéanfaidh Údarás na Gaeltachta agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara obair i gcomhar le chéile lena chinntiú go ndéanfar an infheistíocht atá faighte do Ros an Mhíl a chaitheamh ar fhorbairt inbhuanaithe, le freastal ar an bpobal áitiúil Gaeltachta ar an mbealach is fearr.
- Bealach nuálach a lorg chun an bhearna imeallach sa gcistiú a shárú roimh R1-2023 le haghaidh na hoibre uasghrádaithe i gCéim 1.
- É a chur ina luí ar leibhéal na Comh-Aireachta nach mór tabhairt faoi ghníomh ar bhonn idir-Rannach leis an mbonneagar straitéiseach seo a bhaint amach don réigiún.
- Forbairt a dhéanamh i gcomhar le chéile ar shamhail chomhoibríoch le haghaidh oibríochtaí Calafóirt agus saincheantair thionsclaíocha san am atá le teacht.
- Tús a chur leis an obair ghníomhach forbartha do Chéim 2, na páirtithe leasmhara go léir san áireamh, roimh R2-2023.
- Gníomhaigh Láithreach! Má bhíonn moill ar an bhforbairt, caillfidh Ros an Mhíl an t-aon deis a bheidh ann mol tionsclaíoch ardluacha a thabhairt go croílár na Gaeltachta. Mar gheall go bhfuil éileamh ard ar an ngaoth eischósta i gcomparáid leis an am a thógfaidh sé oibreacha uasghrádaithe calafoirt a chur i gcrích, tá baol ann nach mbeidh go leor acmhainneachta ann ó thaobh calafoirt réigiúnacha de. Má théitear i mbun gnímh anois, beidh Ros an Mhíl in ann an bhearna sin a laghdú lena chinntiú go mbainfear an oiread tairbhe agus is féidir as cúrsaí go háitiúil agus go náisiúnta.

Tá tuilleadh sonraí tacaíochta le fáil sa Máistirphlean iomlán do Limistéar Straitéiseach Fiontraíochta Ros an Mhíl arna ullmhú ag Atkins i gcomhpháirtíocht le Dublin Offshore, BiGGAR Economics agus VHA Architects.

Nótaí



Údarás na
Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha

Co. na Gaillimhe

H91 TY22

T +353 (91) 503 100

eolas@udaras.ie